An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Coláiste Cois Life
Leamhcán, Contae Átha Cliath

Uimhir rolla: 76065H

Dáta na cigireachta: 3 Bealtaine 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	2 agus 3 Bealtaine 2012
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Cruinniú le comhordaitheoir an ábhair agus leis an bpríomhoide • Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith sé thréimhse ranga	• Idirghníomhaíocht leis na scoláirí • Athbhreithniú ar shamplaí d'obair na scoláirí agus ar shamplaí dá ndialanna scoile • Aiseolas do mhúinteoirí aonair • Aiseolas don phríomhoide, don phríomhoide tánaisteach agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhain éagsúlacht le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama le trian de na ranganna an-mhaith, trian go maith agus an trian eile cuibheasach.
- Baineadh úsáid an-mhaith as an teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide chun an fhoghlaim a éascú agus a dhaingniú i ngach rang.
- Díríodh aird na scoláirí ar chruinneas na Gaeilge sna ranganna ar fad.
- Tá na cleachtais a bhaineann le hobair bhaile agus le ceartúcháin an-mhaith agus cuirtear na príomhscileanna teanga san áireamh sa phróiseas measúnaithe.
- Tá dul chun cinn an-mhaith déanta ar mholtaí na cigireachta in 2004 a chur i bhfeidhm.
- Léiríonn na doiciméid phleanála go bhfuil scóip ann chun breis forbartha agus dúshláin a chruthú do na scoláirí i bhfoghlaim na Gaeilge mar ábhar.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar athbhreithniú ar an bpleanáil a dhíreoidh go háirithe ar fhorbairt na foghlama idir an bhunscoil agus an chéad bhliain, agus arís san Idirbhliain, agus go bhféachfaí ar chur chuige ábhar-bhunaithe ar nós Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga a úsáid chuige sin.
- Moltar go mbeadh sé mar ghnáthchleachtas monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna agus an obair seo a nascadh leis an measúnú ar an bhfoghlaim.

RÉAMHRÁ

Iarbhunscoil chomhoideachais lán-Ghaeilge is ea Coláiste Cois Life. Feidhmíonn an scoil faoi phátrúnacht Choiste Gairmoideachais Chontae Átha Cliath agus tá 419 scoláire ar an rolla. Is cuid éigeantach de chlár oideachais na scoile an Idirbhliain. Rinneadh cigireacht ar an nGaeilge sa scoil cheana in 2004.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhain éagsúlacht le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama le trian de na ranganna an-mhaith, trian go maith agus an trian eile cuibheasach.
- I dtromlach na gcásanna, roinneadh na torthaí foghlama a rabhthas ag súil leo leis na scoláirí ag an tús agus breathnaíodh cúpla sampla scothchleachtais de seo. Chun barr feabhais a chur ar an gcleachtas, ba cheart filleadh ar na torthaí a bhíonn mar sprioc ag céimeanna cuí le linn ranga nó ag an deireadh.
- Bhí struchtúr an cheachta agus luas na hoibre oiriúnach, bhí dúshlán cuí foghlama san ábhar, bhí modheolaíochtaí agus straitéisí oiriúnacha roghnaithe, agus tugadh faoi athdhéanamh ar bhealach cruthaitheach sna ranganna sin a bhí go maith nó go han-mhaith.
- Bhí tascanna difriúla le déanamh ag na scoláirí sna ranganna ar fad, uaireanta i mbeirteanna nó i ngrúpaí, ach ní i gcónaí a bhí siad éifeachtach i spreagadh na cainte ná i gcur chun cinn na foghlama. Ní mór bearna eolais a bheith sna tascanna chun cur agus cúiteamh idir na scoláirí a spreagadh, ról cinnte a bheith ag baill na ngrúpaí agus teorainn ama docht a chur leis na tascanna.
- Úsáideadh áiseanna agus acmhainní teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide i ngach rang agus bhí a n-úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim éifeachtach.
- Rinneadh cúram do chruinneas Gaeilge na scoláirí sna ranganna ar fad, idir scríobh agus labhairt.
- Úsáideadh réimse oiriúnach ceistiúcháin chun measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim i roinnt cásanna. Moltar an ghné seo den chleachtas a fhorbairt tuilleadh, agus go háirithe díriú ar cheisteanna a thacóidh le forbairt scileanna ardoird smaointeoireachta na scoláirí. Ní mór chomh maith am a thabhairt dóibh chun freagra a chur le chéile.
- Léiríonn anailís ar ghnóthachtálacha scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta go bhfuil a leibhéil rannpháirtíochta sna scrúduithe teistiméireachta sa dá shraith an-mhaith.
- Aithníonn an bhainistíocht nach mór monatóireacht chúramach a dhéanamh ar leibhéil gnóthachtála na scoláirí sna gráid is airde, go háirithe sa tsraith shinsearach. Ba cheart anailís ar na torthaí a ghnóthaíonn na scoláirí sna scrúduithe tí a úsáid sa phróiseas pleanála chomh maith.
- Cuireann an roinn polasaí obair bhaile na scoile i bhfeidhm go héifeachtach. Tugtar agus ceartaítear an obair go rialta agus bhain cáilíocht an-mhaith leis na ceartúcháin sin a bhí cuiditheach agus ag teacht leis na prionsabail a ghabhann leis an measúnú chun foghlama.
- Cuirtear na príomhscileanna teanga san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar fhoghlaim na scoláirí.

- Coimeádann na múinteoirí cuntais an-mhaith, i mbeagnach gach cás, ar ghnóthachtáil na scoláirí i dtrialacha éagsúla.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá dul chun cinn an-mhaith déanta maidir le cur i bhfeidhm na moltaí a rinneadh mar thoradh ar an gcigireacht ar an nGaeilge in 2004.
- Chun sainmheon na scoile a fhíorú, tá polasaithe agus straitéisí i bhfeidhm sa scoil a thacaíonn leis na múinteoirí agus leis an mbainistíocht clár an-mhaith d'imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim a sholáthar chun tacú leis na scoláirí an Ghaeilge a shealbhú agus a dtaithí agus a rannpháirtíocht in imeachtaí a bhaineann leis an gcultúr Gaelach a fhorbairt.
- Tá soláthar an-mhaith áiseanna agus acmhainní ar fáil chun tacú le múineadh na Gaeilge. B'fhiú do na múinteoirí Gaeilge, i gcomhar leis an mbainistíocht, féachaint ar na féidearthachtaí a bheadh ann bailiúchán de leabhair i nGaeilge a sholáthar i leabharlann na scoile.
- Tá soláthar an-mhaith ama ar fáil don Ghaeilge ar chlár ama na scoile.
- Sa chéad athbhreithniú eile a dhéanfar ar an bpolasaí obair bhaile, moltar, bunaithe ar an dea-chleachtas atá sa roinn, treoir ar na nósanna ceartúcháin a chur san áireamh sa doiciméad faoi dhualgais an mhúinteora.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Mar a moladh, feidhmíonn roinn na Gaeilge ar bhonn foirmeálta anois.
- Tá cinneadh glactha ag an bhfoireann ról an chomhordaitheora a chomhlíonadh ar a seal. Moltar tréimhse trí bliana don ról seo chun tacú le pleanáil fhorbartha an ábhair.
- Ag teacht le moladh a rinneadh cheana, déanann an fhoireann comhphleanáil do mhúineadh an ábhair agus don mheasúnú i gcás gach bliainghrúpa.
- Mar a bhí molta, léirigh miontuairiscí gur pléadh modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama ag cruinniú roinne. Moltar an t-ábhar a bheith mar mhír rialta ar an gclár agus ar mhaithe le dea-chleachtais a threisiú agus a roinnt trasna na roinne, go bhforbródh na múinteoirí, i gcomhar leis an mbainistíocht, cleachtas piarbhreathnóireachta.
- Léiríonn miontuairiscí ar chruinniú roinne go bhfuil obair tosaithe ar pholasaí chun feabhsúcháin ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta a chomhtháthú leis an ábhar.
- Tá caighdeán réasúnta sa plean ábhair. Ní léiríonn an t-ábhar atá leagtha amach, go háirithe don chéad bhliain, go gcuireann sé dúshláin chuí ar fáil do na scoláirí ná go bhfreastalaíonn sé ar fhorbairt chéimniúil na foghlama. Moltar athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an bpleanáil ionas go mbeadh sé ag freagairt níos fearr do riachtanais scoláirí na scoile agus dírithe níos fearr ar a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt.

- Chun pleanáil níos éifeachtaí a dhéanamh d'fhorbairt na foghlama sa Ghaeilge, agus tacú le rochtain na scoláirí ar ábhair eile an churaclaim ar a scáth, moltar spriocanna forbartha a chomhaontú agus plean gnímh le straitéisí agus spriocdhátaí a leagadh amach.
- Mar phointe tosaithe d'fhorbairt na foghlama, moltar go rachfaí i gcomhairle le *Curaclam na Bunscoile: Gaeilge* agus ábhair eile chun modúl ar leith foghlama a chur le chéile do na scoláirí sa chéad téarma sa chéad bhliain. Ba cheart scrúdú comónta a úsáid ag an deireadh chun measúnú a dhéanamh ar a gcumas sa Ghaeilge agus torthaí an mheasúnaithe a úsáid mar bhunchloch don phleanáil dá bhfoghlaim don chuid eile don scoilbhliain. Moltar cur chuige bunaithe ar Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (*CLIL*) a úsáid anseo agus san Idirbhliain.
- Moltar athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar phlean na hIdirbhliana ionas go mbeadh an t-ábhar nuálach agus ba cheart ionchur a bheith ag na scoláirí ina dhearadh. In áit a bheith ag obair ar ábhar a bhaineann le cúrsa ainmnithe na hArdteisitméireachta, moltar leas a bhaint as an mbliain chun taithí na scoláirí ar sheánraí difriúla de scríbhneoireacht na Gaeilge i meáin éagsúla a fhorbairt.
- Moltar teimpléad comónta a fhorbairt don phleanáil ar a mbeifear ábalta na torthaí foghlama ag céimeanna difriúla san fhoghlaim a shainiú agus a úsáid mar chritéir don mheasúnú. Mar chuid de seo moltar cleachtais mhonatóireachta agus athbhreithnithe a fhorbairt agus a dtorthaí a nótáil sna doiciméid.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide, an príomhoide tánaisteach agus leis na múinteoirí ábhair.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.